RIALACHÁN (AE) 2023/129 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Eanáir 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh asocsastróibine, prósulfacarb, seadacsáin agus vailifeanaláite i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás asocsastróibine, prósulfacarb, seadacsáin agus vailifeanaláite leagadh síos uasleibhéil iarmhar ("MRLanna") in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) An 14 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasteorainneacha iarmhair nua Codex (CXLanna) le haghaidh asocsastróibine i nguábhaí agus le haghaidh vailifeanaláite in oinniúin, i seallóidí, i dtrátaí agus in ubhthorthaí ([2]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), i gcás inarb ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, cuirfear san áireamh iad i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí an bhia a chomhlíonadh nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas chun comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí an bhia a chur chun cinn agus a áirithiú ag an am céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú ar na CXLanna atá beartaithe le haghaidh asocsastróibine i nguábhaí agus le haghaidh vailifeanaláite in oinniúin, i seallóidí, i dtrátaí agus in ubhthorthaí, agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil siad sábháilte do thomhaltóirí san Aontas ([4]). Níor chuir an tAontas aon fhorchoimeádas ([5]), ([6]) in iúl don Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí maidir leis na CXLanna sin atá beartaithe.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, na CXLanna sin a chur le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar MRLanna. Faoi chuimsiú na meastóireachta ar an CXL atá beartaithe le haghaidh vailifeanaláite i dtrátaí, cuireadh isteach líon leordhóthanach de thrialacha iarmhar agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor na sonraí sin le haghaidh na n-úsáidí atá á mbreithniú. Dá bhrí sin, an fonóta ábhartha i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a chuireann i dtábhacht an gá atá ann le sonraí breise, is iomchuí an fonóta sin a scriosadh.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Tuarascáil ón 44ú seisiún den Choimisiún Codex Alimentarius (REP21/CAC) https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-44%252FFINAL%252520REPORT%252FRep21_CACe.pdf.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

([4]) *Scientific support for preparing an EU position for the 52nd Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 52ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(8):6766.

([5]) Barúlacha ón Aontais Eorpaigh maidir le Codex CX/PR 21/52/5(REV):https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-52%252FCRDs%252Fpr52_CRD22x.pdf.

([6]) Tuarascáil ón 52ú seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí REP21/PR: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-52%252FREPORT%252FFINAL%2BREPORT%252FREP21_PR52e.pdf.

(6) A mhéid a bhaineann le hasocsastróibin, cuireadh iarratas isteach de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú i leith síolta ráibe agus rois lín. A mhéid a bhaineann le prósulfacarb, cuireadh isteach iarratas den sórt sin i leith luibheanna agus bláthanna inite. A mhéid a bhaineann le seadacsán, cuireadh isteach iarratas den sórt sin i leith prátaí.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin uile agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(8) Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe ([7]). Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

(9) A mhéid a bhaineann le hasocsastróibin i ros lín, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár leor na sonraí a cuireadh isteach chun an MRL atá ann cheana a mhodhnú. Dá bhrí sin, ní iomchuí an MRL sin a mhodhnú.

(10) A mhéid a bhaineann le gach modhnú eile ar MRLanna a d'iarr na hiarratasóirí le aghaidh asocsastróibine, prósulfacarb agus seadacsáin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le hiomláine na sonraí a cuireadh isteach agus go raibh na modhnuithe ar na MRLanna a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha maidir le sábháilteacht an tomhaltóra ar bhonn measúnú ar theagmháil an tomhaltóra i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Leis an gconclúid sin, chuir an tÚdarás san áireamh na sonraí is déanaí ar airíonna tocsaineolaíocha na substaintí. Maidir le teagmháil fhadtéarmach leis na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh siad a bheith iontu, agus maidir le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, níor léiríodh baol i leith ceachtar acu sin go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.

(11) A mhéid a bhaineann le prósulfacarb i luibheanna agus i mbláthanna inite, bhí roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta roimhe sin ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar na MRLanna atá ann le haghaidh prósulfacarb de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([8]), mar fhaisnéis nach raibh ar fáil. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) Uimh. 777/2013 ón gCoimisiún ([9]) ceanglaíodh sonraí breise maidir le hiarmhair chun an MRL sealadach de 0,05 mg/kg a dheimhniú le haghaidh na substainte gníomhaí sin sna táirgí sin. Faoi chuimsiú an iarratais nua inar iarradh na MRLanna le haghaidh prósulfacarb i luibheanna agus i mbláthanna inite a mhodhnú, cuireadh isteach úsáidí nua agus trialacha iarmhar nua agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor na sonraí sin le haghaidh na n-úsáidí a bhí á mbreithniú agus chun tacú le MRL nua agus níos airde. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL a mhodhnú agus an fonóta ábhartha i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, fonóta a chuireann i dtábhacht an gá atá ann le sonraí breise, a scriosadh.

(12) Ar bhonn na tuarascála eolaíche agus na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás, agus na tosca ábhartha atá liostaithe in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, comhlíonann na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

([7]) Tá tuarascálacha eolaíocha ó EFSA ar fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu.
Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels for azoxystrobin in rapeseeds and linseeds [Tuairim réasúnaithe faoi mhodhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás asocsastróibine i síolta ráibe agus i ros lín]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(1):7051.
Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels for prosulfocarb in herbs and edible flowers [Tuairim Réasúnaithe faoi mhodhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás prósulfacarb i luibheanna agus i mbláthanna inite]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(5):7334.
Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue level for sedaxane in potatoes [Tuairim réasúnaithe faoi mhodhnú a dhéanamh ar an uasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás seadacsáin i bprátaí]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(6):7371.

([8]) Tá tuarascálacha eolaíocha ó EFSA ar fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu.
Reasoned Opinion: Review of the existing maximum residue levels (MRLs) for prosulfocarb according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005. [Tuairim Réasúnaithe: Athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás prósulfacarb de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2011; 9(8):2346.

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 777/2013 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2013 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh clóidineafop, clómasóin, dé-úróin, eatalfluarailine, iocsainile, iopróvalacarb, hiodraisíd mhailéach, meapainipirime, meataconasóil, prósulfacarb agus teiprealocsaidime i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe, IO L 221, 17.8.2013, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 26 Feabhra 2023 a mhéid a bhaineann le gach MRL atá beartaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh asocsastróibine, prósulfacarb, seadacsáin agus vailifeanaláite:

"*Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)*

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Asocsastróibin	Prósulfacarb	Seadacsán (an tsuim isiméirí)	Vailifeanaláit (R) (A)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**			0,01 *	
0110000	**Torthaí citris**	15	0,01 *		0,01 *
0110010	Seadóga				
0110020	Oráistí				
0110030	Líomóidí				
0110040	Líomaí				
0110050	Mandairíní				
0110990	Eile (2)				
0120000	**Cnónna crann**		0,02 *		0,01 *
0120010	Almóinní	0,01			
0120020	Cnónna Brasaíleacha	0,01			
0120030	Cnónna caisiú	0,01			
0120040	Castáin	0,01			
0120050	Cnónna cócó	0,01			
0120060	Cnónna coill	0,01			
0120070	Macadaimia	0,01			
0120080	Cnónna peacáin	0,01			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0120090	Eithní cnónna péine	0,01			
0120100	Cnónna pistéise	1			
0120110	Gallchnónna	0,01			
0120990	Eile (2)	0,01			
0130000	**Torthaí póma**	0,01 *	0,01 *		0,01 *
0130010	Úlla				
0130020	Piorraí				
0130030	Cainchí				
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach				
0130050	Locuatanna				
0130990	Eile (2)				
0140000	**Torthaí cloiche**	2	0,01 *		0,01 *
0140010	Aibreoga				
0140020	Silíní (iad milis)				
0140030	Péitseoga				
0140040	Plumaí				
0140990	Eile (2)				
0150000	**Caora agus torthaí beaga**				
0151000	**(a) fíonchaora**	3	0,01 *		1
0151010	Fíonchaora boird				
0151020	Fíniúnacha coiteanna				
0152000	**(b) sútha talún**	10	0,05(+)		0,01 *
0153000	**(c) torthaí cána**	5	0,01 *		0,01 *
0153010	Sméara dubha				
0153020	Eithreoga				
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)				
0153990	Eile (2)				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0154000	**(d) torthaí beaga eile agus caora eile**		0,01 *		0,01 *
0154010	Fraocháin	5			
0154020	Mónóga	0,5			
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	5			
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	5			
0154050	Mogóirí róis	5			
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	5			
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	5			
0154080	Caora troim	5			
0154990	Eile (2)	5			
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**		0,01 *		0,01 *
0161000	**(a) craiceann inite**				
0161010	Dátaí	0,01 *			
0161020	Figí	0,01 *			
0161030	Ológa boird	0,01 *			
0161040	Cumcuait	0,01 *			
0161050	Torthaí réaltúla	0,1			
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	0,01 *			
0161070	Plumaí láva	0,01 *			
0161990	Eile (2)	0,01 *			
0162000	**(b) craiceann do-ite, é beag**				
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	0,01 *			
0162020	Lítsíonna	0,01 *			
0162030	Páiseoga	4			
0162040	Piorraí deilgneacha	0,3			
0162050	Réalt-úlla	0,01 *			
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	0,01 *			
0162990	Eile (2)	0,01 *			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0163000	**(c) craiceann do-ite, é mór**				
0163010	Abhacáid	0,01 *			
0163020	Bananaí	2			
0163030	Mangónna	4			
0163040	Papánna	0,3			
0163050	Pomagránaití	0,01 *			
0163060	Céiriomoighe	0,01 *			
0163070	Guábhaí	**0,2**			
0163080	Anainn	0,01 *			
0163090	Torthaí aráin	0,01 *			
0163100	Duraígh	0,01 *			
0163110	Úlla deilgneacha	0,01 *			
0163990	Eile (2)	0,01 *			
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**				
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**				0,01 *
0211000	**(a) prátaí**	7	0,01 *	**0,15**	
0212000	**(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	1	0,01 *	0,01 *	
0212010	Casabhaigh				
0212020	Prátaí milse				
0212030	Ionaim				
0212040	Ararút				
0212990	Eile (2)				
0213000	**(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**			0,01 *	
0213010	Meacain bhiatais	1	0,01 *		
0213020	Meacain dhearga	1	1(+)		
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	1	0,08(+)		
0213040	Meacain ragaim	1	0,08(+)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0213050	Bliosáin ghréine	1	0,01 *		
0213060	Meacain bhána	1	0,08(+)		
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	1	0,08(+)		
0213080	Raidisí	1,5	0,01 *		
0213090	Salsabh	1	0,08(+)		
0213100	Svaeideanna	1	0,01 *		
0213110	Tornapaí	1	0,01 *		
0213990	Eile (2)	1	0,01 *		
0220000	**Glasraí bleibíní**	10		0,01 *	
0220010	Gairleog		0,01 *		0,01 *
0220020	Oinniúin		0,03		**0,5**
0220030	Seallóidí		0,03		**0,5**
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		0,02		0,01 *
0220990	Eile (2)		0,01 *		0,01 *
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**		0,01 *	0,01 *	
0231000	**(a) Solanaceae agus Malvaceae**	3			
0231010	Trátaí				**0,4**
0231020	Piobair mhilse/chloigíneacha				0,01 *
0231030	Ubhthorthaí				**0,4**
0231040	Ocra				0,01 *
0231990	Eile (2)				0,01 *
0232000	**(b) guird a bhfuil craiceann inite acu**	1			0,01 *
0232010	Cúcamair				
0232020	Gircíní				
0232030	Cúirséid				
0232990	Eile (2)				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0233000	**(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu**	1			0,01 *
0233010	Mealbhacáin				
0233020	Puimcíní				
0233030	Mealbhacáin uisce				
0233990	Eile (2)				
0234000	**(d) arbhar milis**	0,01 *			0,01 *
0239000	**(e) glasraí eile a thugann torthaí**	0,01 *			0,01 *
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**		0,01 *	0,01 *	0,01 *
0241000	**(a) praiseach bhlátha**	5			
0241010	Brocailí				
0241020	Cóilis				
0241990	Eile (2)				
0242000	**(b) praiseach chinn**	5			
0242010	Bachlóga Bruiséile				
0242020	Cabáistí cinn				
0242990	Eile (2)				
0243000	**(c) praiseach dhuilleach**	6			
0243010	Cabáistí Síneacha				
0243020	Cáil				
0243990	Eile (2)				
0244000	**(d) cálráibí**	5			
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**				
0251000	**(a) leitísí agus plandaí sailéid**	10	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0251010	Ceathrúna uain				
0251020	Leitísí				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0251030	Searbháin muc				
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile				
0251050	Biolair thalún				
0251060	Ruachán Rómhánach				
0251070	Mustard dearg				
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)				
0251990	Eile (2)				
0252000	**(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	15	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0252010	Spionáistí				
0252020	Puirsleáin				
0252030	Seardas/duilleoga biatais				
0252990	Eile (2)				
0253000	**(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 *	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0254000	**(d) biolair uisce**	0,01 *	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0255000	**(e) searbháin na Beilge**	0,3	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0256000	**(f) luibheanna agus bláthanna inite**	70	**20**	0,02 *	0,02 *
0256010	Costóg				
0256020	Síobhas				
0256030	Duilleoga soilire				
0256040	Peirsil				
0256050	Sáiste				
0256060	Marós				
0256070	Tím				
0256080	Basal agus bláthanna inite				
0256090	Duilleog labhrais				
0256100	Dragan				
0256990	Eile (2)				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0260000	**Léagúim**	3	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)				
0260020	Pónairí (gan faighneoga)				
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)				
0260040	Piseanna (gan faighneoga)				
0260050	Lintilí				
0260990	Eile (2)				
0270000	**Glasraí gais**			0,01 *	0,01 *
0270010	Lus súgach	0,01 *	0,01 *		
0270020	Cardúin	15	0,01 *		
0270030	Soilirí	15	1,5(+)		
0270040	Finéal Fhlórans	10	0,01 *		
0270050	Bliosáin chruinne	5	0,01 *		
0270060	Cainneanna	10	0,01 *		
0270070	Biabhóg	0,6	0,01 *		
0270080	Péacáin bhambú	0,01 *	0,01 *		
0270090	Croíthe pailme	0,01 *	0,01 *		
0270990	Eile (2)	0,01 *	0,01 *		
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 *	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0280010	Fungais shaothraithe				
0280020	Fungais fhiáine				
0280990	Caonaigh agus léicin				
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 *	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0300000	**PISEÁNAIGH**	0,15	0,01 *	0,01 *	0,01 *
0300010	Pónairí				
0300020	Lintilí				
0300030	Piseanna				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní				
0300990	Eile (2)				
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**		0,02 *	0,01 *	0,01 *
0401000	**Olashíolta**				
0401010	Ros lín	0,4			
0401020	Piseanna talún	0,2			
0401030	Síolta poipín	0,5			
0401040	Síolta seasamain	0,01 *			
0401050	Síolta lus na gréine	0,5			
0401060	Síolta ráibe	**0,7**			
0401070	Pónairí soighe	0,5			
0401080	Síolta mustaird	0,5			
0401090	Síolta cadáis	0,7			
0401100	Síolta puimcín	0,01 *			
0401110	Síolta cróch bréige	0,4			
0401120	Síolta borráiste	0,4			
0401130	Caimilín	0,5			
0401140	Síolta cnáibe	0,01 *			
0401150	Pónairí ricne	0,01 *			
0401990	Eile (2)	0,01 *			
0402000	**Olathorthaí**				
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	0,01 *			
0402020	Eithní pailme ola	0,01 *			
0402030	Torthaí pailme ola	0,03			
0402040	Capac	0,01 *			
0402990	Eile (2)	0,01 *			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0500000	**GRÁNAIGH**		0,01 *	0,01 *	0,01 *
0500010	Eorna	1,5			
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	0,01 *			
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	0,02			
0500040	Muiléad coiteann	0,01 *			
0500050	Coirce	1,5			
0500060	Rís	5			
0500070	Seagal	0,5			
0500080	Sorgam	10			
0500090	Cruithneacht	0,5			
0500990	Eile (2)	0,01 *			
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**			0,05 *	0,05 *
0610000	**Taenna**	0,05 *	0,05 *		
0620000	**Pónairí caife**	0,03	0,05 *		
0630000	**Insiltí luibhe ó**				
0631000	**(a) bláthanna**	60	2		
0631010	Camán meall				
0631020	Roiseog				
0631030	Rós				
0631040	Seasmain				
0631050	Teile				
0631990	Eile (2)				
0632000	**(b) duilleoga agus luibheanna**	60	2		
0632010	Sú talún				
0632020	Rooibos				
0632030	Maité				
0632990	Eile (2)				

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0633000	**(c) fréamhacha**	0,3	0,05 *		
0633010	Caorthann corraigh				
0633020	Ginsing				
0633990	Eile (2)				
0639000	**(d) aon chuid eile den phlanda**	0,05 *	0,05 *		
0640000	**Pónairí cócó**	0,05 *	0,05 *		
0650000	**Carúib**	0,05 *	0,05 *		
0700000	**LEANNLUSANNA**	30	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0800000	**SPÍOSRAÍ**				
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,3	0,3(+)	0,05 *	0,05 *
0810010	Ainís		(+)		
0810020	Calaindí		(+)		
0810030	Soilire		(+)		
0810040	Lus an choire		(+)		
0810050	Cuimín		(+)		
0810060	Lus mín		(+)		
0810070	Finéal		(+)		
0810080	Feinigréag		(+)		
0810090	Noitmig		(+)		
0810990	Eile (2)		(+)		
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,3	0,3(+)	0,05 *	0,05 *
0820010	Ilspíosra/pimeantó		(+)		
0820020	Piobar Szechuan		(+)		
0820030	Cearbhas		(+)		
0820040	Cardamam		(+)		
0820050	Caor aitil		(+)		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		(+)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
0820070	Fanaile		(+)		
0820080	Tamarain		(+)		
0820990	Eile (2)		(+)		
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0830010	Cainéal				
0830990	Eile (2)				
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**				
0840010	Liocras	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0840020	Sinséar (10)				
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0840040	Meacain ragaim (11)				
0840990	Eile (2)	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0850010	Clóibh				
0850020	Caprais				
0850990	Eile (2)				
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0860010	Cróch				
0860990	Eile (2)				
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0870010	Maicis				
0870990	Eile (2)				
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**		0,01 *	0,01 *	0,01 *
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	5			
0900020	Cánaí siúcra	0,05			
0900030	Fréamhacha siocaire	0,09			
0900990	Eile (2)	0,01 *			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**				
1010000	**Tráchtearraí ó**		0,01 *	0,01 *	0,03 *
1011000	**(a) mucra**				
1011010	Matán	0,01 *(+)			
1011020	Saill	0,05(+)			
1011030	An t-ae	0,07(+)			
1011040	An duán	0,07(+)			
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07(+)			
1011990	Eile (2)	0,01 *(+)			
1012000	**(b) bó-ainmhí**				
1012010	Matán	0,01 *(+)			
1012020	Saill	0,05(+)			
1012030	An t-ae	0,07(+)			
1012040	An duán	0,07(+)			
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07(+)			
1012990	Eile (2)	0,01 *(+)			
1013000	**(c) caoirigh**				
1013010	Matán	0,01 *(+)			
1013020	Saill	0,05(+)			
1013030	An t-ae	0,07(+)			
1013040	An duán	0,07(+)			
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07(+)			
1013990	Eile (2)	0,01 *(+)			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
1014000	**d) gabhar**				
1014010	Matán	0,01 *(+)			
1014020	Saill	0,05(+)			
1014030	An t-ae	0,07(+)			
1014040	An duán	0,07(+)			
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07(+)			
1014990	Eile (2)	0,01 *(+)			
1015000	**(e) eachaí**				
1015010	Matán	0,01 *			
1015020	Saill	0,05			
1015030	An t-ae	0,07			
1015040	An duán	0,07			
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07			
1015990	Eile (2)	0,01 *			
1016000	**(f) éanlaith chlóis**	0,01 *(+)			
1016010	Matán	(+)			
1016020	Saill	(+)			
1016030	An t-ae	(+)			
1016040	An duán	(+)			
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	(+)			
1016990	Eile (2)	(+)			
1017000	**(g) ainmhithe talún feirme eile**				
1017010	Matán	0,01 *			
1017020	Saill	0,05			
1017030	An t-ae	0,07			

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
1017040	An duán	0,07			
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07			
1017990	Eile (2)	0,01 *			
1020000	**Bainne**	0,01 *(+)	0,01 *	0,01 *	0,03 *
1020010	Eallach	(+)			
1020020	Caoirigh	(+)			
1020030	Gabhar	(+)			
1020040	Capall	(+)			
1020990	Eile (2)	(+)			
1030000	**Uibheacha éan**	0,01 *(+)	0,01 *	0,01 *	0,03 *
1030010	An chearc	(+)			
1030020	Lacha	(+)			
1030030	Géanna	(+)			
1030040	Gearg	(+)			
1030990	Eile (2)	(+)			
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,01 *	0,01 *	0,01 *	0,03 *
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,01 *	0,01 *	0,01 *	0,03 *
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,01 *	0,01 *	0,01 *	0,03 *
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**				
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**				
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**				

* Léiríonn an íosteorainn an chinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Asocsastróibin

Tá roinnt faisnéise faoi thocsaineacht na meitibilítí sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 5 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

1011000 (a) mucra
1011010 Matán
1011020 Saill
1011030 An t-ae
1011040 An duán
1011050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1011990 Eile (2)
1012000 (b) bó-ainmhithe
1012010 Matán
1012020 Saill
1012030 An t-ae
1012040 An duán
1012050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1012990 Eile (2)
1013000 (c) caoirigh
1013010 Matán
1013020 Saill
1013030 An t-ae
1013040 An duán
1013050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1013990 Eile (2)
1014000 d) gabhair
1014010 Matán
1014020 Saill
1014030 An t-ae
1014040 An duán
1014050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1014990 Eile (2)
1016000 (f) éanlaith chlóis
1016010 Matán
1016020 Saill
1016030 An t-ae
1016040 An duán
1016050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1016990 Eile (2)
1020000 Bainne
1020010 Eallach
1020020 Caoirigh
1020030 Gabhair
1020040 Capaill
1020990 Eile (2)

1030000 Uibheacha éan
1030010 Sicín
1030020 Lacha
1030030 Géanna
1030040 Gearg
1030990 Eile (2)

Prósulfacarb

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 17 Lúnasa 2015, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0810000 Spíosraí ó shíolta
0810010 Ainís
0810020 Calaindí
0810030 Soilire
0810040 Lus an choire
0810050 Cuimín
0810060 Lus mín
0810070 Finéal
0810080 Feinigréag
0810090 Noitmig
0810990 Eile (2)
0820000 Spíosraí ó thorthaí
0820010 Ilspíosra/pimeantó
0820020 Piobar Szechuan
0820030 Cearbhas
0820040 Cardamam
0820050 Caor aitil
0820060 Piobarchaor (í dubh glas agus bán)
0820070 Fanaile
0820080 Tamarain
0820990 Eile (2)

Tá roinnt faisnéise faoi mheitibileacht na mbarr sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 17 Lúnasa 2015, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0213020 Meacain dhearga
0213030 Soiliriac/soilire tornapa
0213040 Meacain ragaim
0213060 Meacain bhána
0213070 Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg
0213090 Salsabh
0270030 Soilire

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 17 Lúnasa 2015, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0152000 (b) sútha talún

Vailifeanaláit (R) (A)

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás na gcomhcheangal de lotnaidicíd-códuimhir seo a leanas: Vailifeanaláit - cód 1000000 seachas 1040000: Vailifeanaláit agus aigéad vailifeanaláite (IR5839)

(A) Tá an caighdeán tagartha le haghaidh aigéad vailifeanaláite (IR5839) sainaitheanta ag saotharlanna tagartha an Aontais mar rud nach bhfuil ar fáil ó thaobh tráchtála de. Agus na MRLanna á n-athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht tráchtála an chaighdeáin tagartha dá dtagraítear sa chéad abairt faoin 2 Lúnasa 2023, nó, mura bhfuil an caighdeán tagartha ar fáil ó thaobh tráchtála de faoin dáta sin, a neamh-infhaighteacht."